# Gníomhaíochtaí Daltaí: Teoirim 17

**Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach "Teoirim 17" ar CD an Dalta.**

**A fhiosrú: Mar a roinneann trasnán comhthreomharáin an comhthreomharán.**




1. Ainmnigh dhá thrasnán an chomhthreomharáin sa chomhad idirghníomhach.

_______________________________________________________________

2. Cén líne a léiríonn an airde ingearach idir na línte comhthreomhara? Mínigh do fhreagra.

_______________________________________________________________

_______________________________________________________________

_______________________________________________________________

3. Roinneann an trasnán AC an comhthreomharán ina dhá thriantán. Ainmnigh na triantáin.

_______________________________________________________________

_______________________________________________________________

4. Faigh achar gach ceann de na triantáin atá luaite i gceist 3. Mínigh do chuid ríomhaireachtaí.

_______________________________________________________________

_______________________________________________________________

_______________________________________________________________

5. Ar bhain tú tátal as, gur dhéroinn an trasnán AC achar an chomhthreomharáin? Mínigh d'fhreagra.

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

6. Roinneann an trasnán BD an comhthreomharán ina dhá thriantán. Ainmnigh na triantáin.

_______________________________________________________________________________

7. Faigh achar gach ceann de na triantáin atá luaite i gceist 6. Mínigh do chuid ríomhaireachtaí.

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

8. An dóigh leat gur dhéroinn an trasnán BD achar an chomhthreomharáin? Mínigh do fhreagra.

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

9. Trí na pointí ar an gcomhad idirghníomhach a bhogadh, an ndéarfá go ndéroinneann gach trasnán i gcomhthreomharán ar bith achar an chomhthreomharáin? Mínigh.

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

**Dúshláin**

10. Faigh achar an triantáin ADC, agus faigh uaidh sin achar an chomhthreomharáin ABCD. Taispeáin na ríomhaireachtaí.




________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

11. Más é 45 $cm^2$ achar an chomhthreomharáin thíos, faigh an fad is gaire idir na línte comhthreomhara AB agus DC. Taispeáin na ríomhaireachtaí.




________________________________________________________________________

________________________________________________________________________